Ábhar:

**SEACHADADH AN CHREATA TEIDLÍOCHTA: TREOIR DO SCOILEANNA MAIDIR LE CÉIM II DE SHOCRUITHE TACAÍOCHTA AN CHREATA TEIDLÍOCHTA 2013/14**

**Uimhir Chiorclán na RO: 2013/10**

**Dáta Eisiúna: 28 Márta 2013**

**Spriocléitheoirí:**

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí (BoG) i ngach iar-bhunscoil dheontaschúnta agus scoileanna speisialta a bhfuil iar-bhunscolaíocht le fáil iontu;
- Boird Oideachais agus Leabharlann (BOL/ELBs);
- Coláistí Breisoideachais agus Ardoideachais (F&HE);
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS);
- Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG);
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite (NICIE);
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA);
- Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann (GTCNI); agus
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESAIT).


**Achoimre:**
Sonraíonn an ciorclán seo, arna eisiúint ag an Roinn Oideachais, socruithe tacaíochta EF 2013/14 maidir le seachadadh an Chreata Teidlíochta.


**Fiosrúcháin:**
Ba chóir aon fhiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a sheoladh chuig:


An Fhoireann Teidlíochta maidir le Curaclam 14-19
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR


**Feasacht Gobharnóirí:** Riachtanach

**Stádas an Ábhair:**
Le haghaidh faisnéise agus gníomhú scoileanna

**Cáipéisí Gaolmhara:**

Ciorclán 2010/13 de chuid na RO
Ciorclán 2011/09 de chuid na RO
Ciorclán 2011/26 de chuid na RO
Ciorclán 2012/09 de chuid na RO

**Dáta Éaga:** N/B

**Láithreán Gréasáin na RO:**
http://www.deni.gov.uk


Guthán: 028 9127 9935
Facs: 028 9127 9100

**Treoir maidir leis an Chreat Teidlíochta 2013/14**

**Réamhrá**

1. Tá sé mar aidhm ag an chiorclán seo sonraí a thabhairt maidir leis na socruithe tacaíochta athbhreithnithe airgeadais don bhliain airgeadais 2013/14.
2. Ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht leis na ciorcláin seo a leanas: 2010/13, 2011/09, 2011/26, 2012/09.
3. Meabhraítear do scoileanna go bhfuil solúbthacht acu ó thaobh cúrsaí curaclaim de le freastal ar réimsí fáis sa gheilleagar agus le cur san áireamh na réimsí tosaíochta scileanna atá ag an RFF/DEL.

**DORINA EDGAR**

**Ceann na Foirne Teidlíochta maidir le Curaclam 14-19**

**CREAT TEIDLÍOCHTA: Uimhir Chiorclán na RO: 2013/10**

**Réamhrá**

1. Tá sé mar aidhm ag an chiorclán seo na riachtanais leanúnacha atá i bhfeidhm sa bhliain airgeadais 2013/14 do scoileanna a leagan amach de réir mar a bhogann siad i dtreo fheidhmiú céimnithe an Chreata Teidlíochta (EF) faoi Mheán Fómhair 2013 agus feidhmiú iomlán faoi 2015.

2. Seo a leanas na socruithe maoinithe don bhliain airgeadais 2013/14:

   - **Bronnfar maoiniú le haghaidh cúrsaí feidhmeacha a sheachadtar i gcomhar leis an earnáil bhreisoideachais.**
   - **Bronnfar maoiniú le haghaidh cúrsaí feidhmeacha a sheachadtar i gcomhar le scoileanna eile.**
   - **Leanfar le maoiniú a bhronnadh le tacú le Comhordaitheoirí EF.**
   - **Maoineofar Scoileanna Speisialta le haghaidh cúrsaí a sheachadtar i gcomhar le comhpháirtithe eile. Scríobhfaidh an RO chuig gach Scoil Speisialta le sonraí iomlána an mhaoinithe.**
   - **Bainfear amach eilimint an Mhéadaithe Fheidhmigh don bhliain seo.**

**Foirmle Maoinithe EF 2013/14**

3. Tá maoiniú breise fógartha ag an Aire don bhliain airgeadais 2013/14, agus shín sé an maoiniú isteach sa bhliain airgeadais 2014/15, le tacú le scoileanna agus iad ag obair i dtreo riachtanais iomlána an EF a bheidh reachtúil ó Mheán Fómhair 2015. Caithfidh gach scoil súil a choinneáil ar an todhchaí, áfach. Tá na riachtanais EF á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe, ach fanann na riachtanais iomlána mar seo a leanas: 24 cúrsa ag Eochairchéim 4 agus 27 cúrsa ag iar-16; tá roghanna ar fáil ó chúrsaí ginearálta agus ó chúrsaí feidhmeacha araon. Caithfidh gach scoil leanúint ag obair i dtreo an mhúnla sin. Seo an múnla a bhfuil sé de cheart ag gach dalta, i ngach iar-bhunscoil anseo rochtain a fháil air.

4. **Ar an iomlán, ní bheidh aon mhórathrú ar an fhoirmle maoinithe ón bhliain seo caite sa bhliain airgeadais 2013/14.** Tá an leibhéal maoinithe a leithdháiltear ar scoileanna faoin eilimint seo ceangailte go díreach le líon na

gcúrsaí atá á seachadadh i gcomhar le comhpháirtithe eile, ainmniú na gcúrsaí sin (feidhmeach nó ginearálta) agus líon na ndaltaí atá á ndéanamh de réir mar atá taifeadta in Iniúchadh an EF. Tá an maoiniú EF seo DE BHREIS AR mhaoiniú LMS. Is ranníocaíocht atá ann do na costais a bhaineann le cúrsaí a sheachadtar i gcomhar le comhpháirtithe eile. Tá cur síos ar na heilimintí maoinithe ceangailte le hIarscríbhinn A agus tá clár ama le haghaidh gníomhaíochta agus leithdháileadh maoinithe ceangailte le hIarscríbhinn B. **Tabhair do d'aire le do thoil gur £6.9 milliún an maoiniú EF a bheidh ar fáil sa bhliain airgeadais 2014/15 agus díreofar é sin le tacú le seachadadh leanúnach na gcúrsaí a sheachadtar i gcomhar le comhpháirtithe eile.**

Leagann an tábla thíos amach an staid maidir leis an éifeacht ar gach ceann de na bliainghrúpaí:

| | **Iontráil Iniúchta 2012/13 (ag mí Dheireadh Fómhair 2013)** | **Iontráil Iniúchta 2013/14 (ag mí Dheireadh Fómhair 2013)** | **Iontráil Iniúchta 2014/15 (ag mí Dheireadh Fómhair 2014)** |
|---|---|---|---|
| **Bliain 11** | *100% maoinithe sa Bhliain Airgeadais* 2013/14 | *páirtmhaoinithe sa Bhliain Airgeadais 2014/15* | *Buiséad EF neamhdheimhnithe sa Bhliain Airgeadais 2015/16* |
| **Bliain 12** | *100% maoinithe sa Bhliain Airgeadais 2013/14* | *páirtmhaoinithe sa Bhliain Airgeadais 2014/15* | *Buiséad EF neamhdheimhnithe sa Bhliain Airgeadais 2015/16* |
| **Bliain 13** | *100% maoinithe sa Bhliain Airgeadais 2013/14* | *páirtmhaoinithe sa Bhliain Airgeadais 2014/15* | *Buiséad EF neamhdheimhnithe sa Bhliain Airgeadais 2015/16* |
| **Bliain 14** | *100% maoinithe sa Bhliain Airgeadais 2013/14* | *páirtmhaoinithe sa Bhliain Airgeadais 2014/15* | *Buiséad EF neamhdheimhnithe sa Bhliain Airgeadais 2015/16* |

5. Bainfear amach Eilimint an Mhéadaithe Fheidhmigh don bhliain 2013/14. Forbraíodh an eilimint sin i dtús baire le spreagadh agus le tacaíocht a thabhairt do na scoileanna sin atá ag pleanáil go gníomhach agus a bheidh ag seachadadh níos mó cúrsaí feidhmeacha faoi Mheán Fómhair 2013. As siocair go mbeidh an EF reachtúil ó Mheán Fómhair 2013, meastar nár chóir maoiniú a dhiriú le tacú leis an eilimint sin níos mó.

6. Leanfaidh maoiniú de £3k in aghaidh na scoile le tacú leis na seirbhísí a sholáthraíonn comhordaitheoir EF.

7. Ríomhfar maoiniú d'Ardscoileanna Sóisearacha ar an bhunús chéanna leis an bhliain seo caite.

8. Fanfaidh an ráta in aghaidh na huaire a úsáidtear don fhoirmle bhonnráta ag £72.

9. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil na cúrsaí ar fad atá do scoil ag tairiscint curtha san áireamh agus tú ag comhlánú d’fhoirm iniúctha i dtéarma an fhomhair; ba chóir go mbeadh gach cúrsa a tairgeadh mar aon le gach cúrsa a seachadadh curtha san áireamh. **Tabhair do d’aire, le do thoil, i ndiaidh don iniúchadh bheith comhlánaithe agus ainm curtha leis i mí Dheireadh Fomhair, nach féidir iontrálacha míchearta a leasú.**

**Scoileanna Speisialta**

10. Bronnfar maoiniú le haghaidh Scoileanna Speisialta do chúrsaí a sheachadtar i gcomhar le comhpháirtithe eile. Ina theannta sin, £3k in aghaidh na scoile an maoiniú a bheidh ar fáil do chomhordaitheoirí EF.

**Cúrsaí Úra**

11. Cinntigh, le do thoil, má tá scoil ag iarraidh cúrsa úr a thabhairt isteach nach bhfuil liostaithe ar liosta iniúchta cúrsaí EF, go bhuil sonraí mar gheall ar uimhir an chúrsa agus an bhliainghrúpa atá beartaithe curtha faoi bhráid na foirne: 14-19curriculumentitlementteam@deni.gov.uk Tabhair do d'aire le do thoil gur chóir go mbeadh 120 Uair Foghlama Faoi Threoir (GLH's) ag cúrsaí Leaibhéal 2 agus gur chóir go mbeadh ar a laghad 360 GLH's ag cúrsa Leibhéal 3.

**Pleananna Feidhmithe ALC**

12. Beidh na 4 thosaíocht straitéiseacha a liostaíodh anuraidh le feiceáil sna pleananna Feidhmithe. Mar sin féin, faoi ALC's ata sé tosaíochtaí breise a shainaithint atá ábhartha do riachtanais a gcuid limistéar agus pleananna deifnídeacha a chur le chéile dá bharr.

13. Beidh na teimpléid ar fáil trí láithreán Iniúchta EF agus ba chóir iad a chur isteach faoin Aoine 28 Meitheamh 2013.

**Todhchaí Gheal**

14. Tá an Réamheolaire leictreonach Ceantarbhunaithe ar fáil do gach scoil agus is feidir rochtain a fháil air trí láithreán Gréasáin iniúchta EF nó ina áit sin ar an láithreán Gréasáin www.brightfuturesni.org . Foilsíonn an réamheolaire sonaí na gcúrsaí atá a dtairiscint ag scoileanna; cuideoidh an áis seo le daltaí, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus leis an phobal mhór oideachais agus ba chóir é a leasú chun dáta uair sa bhliain.

**Comhaontaithe Leibhéal Seirbhíse**

15. Cinntigh le do thoil go bhfuil Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) i bhfeidhm sula gcuirfear tús le soláthar i gcomhar le comhpháirtithe eile. Ligeann Airteagal 21 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006 do scoileanna socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh institiúid Bhreisoideachais nó

soláthróir eile ag cur iar-bhunscolaíocht ar fail thar ceann na scoile. Tá socruithe mar sin faoi réir comhaontú scríofa agus caithfidh sonraí sonracha bheith curtha san áireamh maidir le saincheisteanna lena n-áirítear: tréadchúram agus cúram leanaí, caighdeán an tsoláthair, an bunús le costas ar bith atá le tabhú nó le muirearú agus aon saincheist eile atá riachtanach dar le Bord Gobharnóirí na scoile. Féachfaidh an RO lena chinntiú go mbeidh cur chuge seasmhach ann maidir leis an tsaincheist seo agus ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil an doiciméadú seo ar fáil laistigh den scoil más gá ag pointe ar bith le linn na scoilbhliana.

16. Meabhraítear do scoileanna go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go dtaifeadtar na torthaí uile a fhaigheann gach dalta i scrúduithe poiblí. As siocair nach dtig le dalta bheith cláraithe ach in aon scoil amháin, **tá sé tábhachtach mar sin go gcinntíonn an scoil ag a bhfuil dalta cláraithe go bhfaigheann sí toradh an chúrsa a rinneadh ag aon óstscoil, Coláiste Breisoideachais nó institiúid eile agus go léiríonn sí sin in aon tuairisc staitistiúil dá cuid a chuireann sí chuig an Roinn.** Faoin scoil, faoin Choláiste BO/FE nó institiúid eile atá ag soláthar cúrsa, atá sé daltaí a iontráil le haghaidh scrúduithe poiblí atá mar pháirt den chúrsa sin. Ba chóir go mbeadh gach socrú a bhaineann le dalta a iontráil le haghaidh scrúduithe, íocaíocht táillí gaolmhara, fáil agus tuairisciú torthaí bheith léirithe go soiléir mar pháirt den Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA).

**IARSCRÍBINN A**

## SOCRUITHE TACAÍOCHTA EF 2013/14 – LITREACHA MAOINITHE

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Foirmle Iniúchta EF** | *Bunaithe ar iontrálacha curaclaim EF na scoileanna .i. líon agus cineál na gcúrsaí (feidhmeach/ginearálta) agus líon na ndaltaí* |
| 2 | **Daltaí SRO in Oideachas Príomhshrutha** | *Ní mór na cúrsaí a sheachadadh i gcomhar le comhpháirtithe eile. Cúrsaí Ginearálta/Feidhmeacha agus Neamh-incháilithe san áireamh. Do chúrsaí G/F tá ualuithe KS4 i bhfeidhm. I gcás nach raibh ualú cuí ann do chúrsaí NI/NE cuireadh ualú feidhmeach KS4 i bhfeidhm* |
| 3 | **Ag obair i gcomhar le comhpháirtithe eile** | *£3k do gach scoil atá rannpháirteach i bPobal Foglama Ceantair* |

**IARSCRÍBHINN B**

| Dáta | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| **Márta 2013** | • Treoir maidir le socruithe tacaíochta EF 2013/14 a eisiúint do scoileanna. |
| **Aibreán 2013** | • Meastachán ar Dháileadh Tacaíochta EF bunaithe ar Iniúchadh 2012/13; tá sé seo ar fáil do scoileanna le hamharc air trí láithreán Gréasáin iniúchta EF.<br>• Tá scoileanna le breithniú a dhéanamh ar an leithdháileadh agus an t-oifigeach áitiúil CASS a chur ar an eolas maidir le saincheist ar bith.<br>• Cíorfaidh an RO saincheist ar bith a ardóidh scoileanna.<br>• Déanann ALC's athbhreithniú ar dhul chun cinn agus aontaíonn siad tosaíochtaí athbhreithnithe agus cuspóirí straitéiseacha gaolmhara do 2013/14 agus 2014/15.<br>• Tosaíonn ALCs ag obair ar pro-forma an Phlean Airgeadais. |
| **Aibreán/Bealtaine 2013** | • Fáigheann scoileanna leithdháileadh bunaithe ar Fhoirmle EF.<br>• Críochnaíonn ALCs Pleananna Feidhmithe agus iarrann siad ar na BOGs sna scoileanna iad a dhaingniú.<br>• Comhlánaíonn ALCs pro-forma Iniúchta Phlean Feidhmithe EF Ar Líne. |
| **Meán Fómhair 2013** | • Cuireann an RO aiseolas ar fáil do ALCs maidir le pleananna agus iarrann sí soiléiriú de réir mar is gá.<br>• Pro-forma Phlean Airgeadais ALC críochnaithe agus curtha faoi bhráid na RO.<br>• Leithdháileadh na hEiliminte Comhoibrithe de Dheontas Tacaíochta EF ar scoileanna a luaithe agus atá Pleananna Feidhmithe agus Airgeadais réidh. |
| **Deireadh Fómhair 2013** | • Athosclaíonn agus druideann Iniúchadh EF 2013. |

**CLÁR AMA LE HAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTA AGUS LEITHDHÁILTE MAOINITHE**